RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1117 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Eanáir 2023

lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ceanglais maidir le saghas agus cineál na faisnéise atá le malartú ag údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(7), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun comhar éifeachtúil a áirithiú idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach, i ndáil le faisnéis maidir le gnólachtaí infheistíochta, agus i gcás inarb ábhartha, maidir le feidhmiú a mbrainsí nó feidhmiú na saoirse chun seirbhísí a sholáthar i mBallstát amháin nó níos mó seachas na Ballstáit sin ina bhfuil a gceannoifigí lonnaithe, ar faisnéis í a sholáthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh agus *vice versa*, is gá an fhaisnéis sin a shonrú.

(2) Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach i gcomhthéacs níos leithne na maoirseachta ar ghrúpaí gnólachtaí infheistíochta trasteorann. I gcás inarb ábhartha, is iomchuí, dá bhrí sin, faisnéis a sholáthar ar an leibhéal comhdhlúite. Go háirithe, i gcás ina bhfuil máthairghnóthas deiridh sa Bhallstát ina bhfuil a cheannoifig ag gnólacht infheistíochta a fheidhmíonn trí bhrainse, agus in arb an t-údarás inniúil lena mbaineann an maoirseoir grúpa freisin, meastar gurb iomchuí faisnéis a sholáthar ar an leibhéal comhdhlúite seachas ar leibhéal an ghnólachta infheistíochta. Sa chás sin, áfach, ba cheart don údarás inniúil fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát óstach go soláthraítear an fhaisnéis ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa gnólachta infheistíochta.

(3) Agus na príomhghnéithe ba cheart a bheith faoi réir malartú faisnéise idir údaráis inniúla á gcur ar fáil, ní bheadh sé iomchuí srian a chur le raon feidhme an mhalartaithe faisnéise sin i gcomhthéacs comhar éifeachtúil idir údaráis inniúla ar bhonn trasteorann. Go háirithe, leagtar amach in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2019/2034 forálacha sonracha le haghaidh malartú faisnéise maidir le fíorú ar an láthair brainsí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha freisin i gcomhthéacs Airteagal 13 den Treoir sin.

(4) In Airteagail 34 agus 35 de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) leagtar amach ceanglais maidir le comhar agus malartú faisnéise i ndáil le fógraí maidir leis an gceart bunaíochta a fheidhmiú agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, agus leagtar amach in Airteagal 80 de Threoir 2014/65/AE freisin ceanglais maidir le comhar idir na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí agus ar ionstraimí i

([1]) IO L 314, 5.12.2019, lch. 64.

([2]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

ngníomhaíochtaí maoirseachta, le haghaidh fíoruithe nó imscrúduithe ar an láthair agus déantar na ceanglais sin a shonrú tuilleadh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/586 ón gCoimisiún ([3]). Dá bhrí sin, ní shonraítear sa Rialachán seo aon cheanglas maidir le malartú faisnéise sna réimsí sin.

(5) Maidir leis an bhfaisnéis is gá a mhalartú chun cosaint leordhóthanach cliant a áirithiú agus cobhsaíocht an chórais airgeadais sa Bhallstát óstach a chosaint, cé gur cheart í a shonrú i gcomhthéacs seirbhísí trasteorann a sholáthar i mBallstát óstach, ba cheart dúbláil ar mhalartú faisnéise a sheachaint chomh maith. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis inniúla an fhaisnéis atá ar fáil dóibh cheana féin a bhreithniú, go háirithe tríd an sásra a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Threoir (AE) 2019/2034 maidir le malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE i mBallstát ar leith i gcás nach ionann na húdaráis sin, Airteagal 80 de Threoir 2014/65/AE agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/586.

(6) Chun cóineasú leordhóthanach na gcleachtas rialála agus maoirseachta ar fud an Aontais a áirithiú agus chun íosleibhéal malartaithe faisnéise a áirithiú lena gcuirfear ar chumas na n-údarás inniúil a ndualgais mhaoirseachta a chomhlíonadh, is gá íoscheanglais a leagan síos maidir leis an bhfaisnéis atá le malartú idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach. Ar a laghad, ba cheart na réimsí uile a shonraítear in Airteagal 13 de Threoir (AE) 2019/2034 a chumhdach leis an bhfaisnéis sin, is é sin faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas: struchtúr bainistíochta agus úinéireachta an ghnólachta infheistíochta, comhlíonadh na gceanglas cistí dílse ag an ngnólacht infheistíochta, comhlíonadh na gceanglas riosca comhchruinnithe agus na gceanglas leachtachta ag an ngnólacht infheistíochta, nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta agus sásraí rialaithe inmheánaigh an ghnólachta infheistíochta agus aon toisc ábhartha eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an riosca a bhaineann leis an ngnólacht infheistíochta. Chun maoirseacht leordhóthanach ar ghnólachtaí infheistíochta a éascú, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát óstach agus baile a chéile a choimeád ar an eolas faoi chásanna sainaitheanta de neamhchomhlíonadh dhlí náisiúnta nó dhlí an Aontais, i gcás ina bhféadfadh neamhchomhlíonadh den sórt sin difear a dhéanamh do chosaint cliant nó do chobhsaíocht an chórais airgeadais sa Bhallstát óstach, agus chomh maith leis sin faoi bhearta maoirseachta agus smachtbhannaí arna bhforchur ar ghnólachtaí infheistíochta. Thairis sin, ba cheart faisnéis bhreise maidir le hullmhúchán le haghaidh cásanna éigeandála a áireamh i raon feidhme na faisnéise atá le malartú idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach ionas go mbeidh na Ballstáit sin in ann faireachán éifeachtúil a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta.

(7) Chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha a mhalartú laistigh de thréimhse ama réasúnta agus ag an am céanna chun cásanna a sheachaint ina bhfuil sé d'oibleagáid ar údaráis inniúla Ballstáit baile aon fhaisnéis faoi ghnólacht infheistíochta a chur ar aghaidh chuig údaráis inniúla uile na mBallstát óstach, gan beann ar chineál agus tábhacht na faisnéise, is iomchuí i gcásanna sonracha nach ndéanfaí ach faisnéis atá ábhartha do bhrainse ar leith a tharchur go heisiach chuig na húdaráis inniúla a bhfuil sé de chúram orthu maoirseacht a dhéanamh ar an mbrainse sin. Chun críocha éifeachtúlachta agus comhréireachta den chineál céanna, i roinnt réimsí sonracha, níor cheart ach faisnéis maidir le cásanna neamhchomhlíonta sainaitheanta a mhalartú idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach, rud a chiallaíonn nach mbeadh gá le haon fhaisnéis a mhalartú i gcás ina bhfuil an gnólacht infheistíochta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais.

(8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus arna bhforbairt i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.

(9) Rinne ÚBE comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a mbunaítear an Rialachán seo, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/586 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus iad ag comhoibriú i ngníomhaíochtaí maoirseachta, fíoruithe ar an láthair agus imscrúduithe (IO L 87, 31.3.2017, lch. 382).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faisnéis ar bhonn comhdhlúite

I gcás ina bhfuil an máthairghnólacht infheistíochta deiridh bunaithe sa Bhallstát céanna ina bhfuil a cheannoifig ag an ngnólacht infheistíochta, agus gurb é údarás inniúil Bhallstát baile an ghnólachta infheistíochta an maoirseoir grúpa arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 46 de Threoir (AE) 2019/2034, cuirfidh an t-údarás inniúil sin faisnéis ar fáil maidir leis an ngnólacht infheistíochta sin ar an leibhéal comhdhlúite don ghrúpa gnólachta infheistíochta agus cuirfidh sé údaráis inniúla na mBallstát óstach ar an eolas go soláthraítear an fhaisnéis ar an leibhéal comhdhlúite.

Airteagal 2

Faisnéis maidir le struchtúr bainistíochta agus úinéireachta gnólachtaí infheistíochta a fheidhmíonn trí bhrainse

1. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile faisnéis maidir le struchtúr eagraíochtúil gnólachta infheistíochta, a línte gnó agus a chaidrimh le heintitis laistigh den ghrúpa a sholáthar d'údaráis inniúla Ballstáit óstaigh.

2. Sa bhreis ar an gcineál faisnéise dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile a dhéanann maoirseacht ar ghnólacht infheistíochta nach sainaithnítear mar ghnólacht infheistíochta beag neamh-idirnasctha i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) an fhaisnéis seo a leanas i ndáil leis an ngnólacht infheistíochta a sholáthar d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh:

(a) struchtúr an chomhlachta bainistíochta agus na bainistíochta sinsearaí chomh maith le tuairisc ar leithdháileadh na bhfreagrachtaí chun maoirseacht a dhéanamh ar bhrainse;

(b) liosta de na scairshealbhóirí agus comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu.

Airteagal 3

Faisnéis maidir le comhlíonadh na gceanglas cistí dílse

1. Cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ar an eolas faoi cé acu atá nó nach bhfuil na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh ag gnólacht infheistíochta:

(a) na ceanglais cistí dílse a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033, agus na socruithe idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 57 den Rialachán sin á gcur san áireamh;

(b) i gcás inarb infheidhme, aon cheanglas cistí dílse breise arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 39(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/2034;

(c) i gcás inarb infheidhme, aon treoir maidir le cistí dílse breise arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 41 de Threoir (AE) 2019/2034.

2. Tabharfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis seo a leanas d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh maidir le ceanglais cistí dílse is infheidhme maidir le gnólacht infheistíochta:

(a) luach na gceanglas cistí dílse a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033;

(b) ar socraíodh an luach dá dtagraítear i bpointe (a) ar bhonn Airteagal 11(1), pointí (a), (b) nó (c) de Rialachán (AE) 2019/2033;

([5]) Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

(c) i gcás inarb infheidhme, luach aon cheanglais cistí dílse breise arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 39(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/2034, agus na forais lena fhorchur;

(d) i gcás inarb infheidhme, luach aon treorach maidir le cistí dílse breise arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 41 de Threoir (AE) 2019/2034.

3. Soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile faisnéis d'údaráis inniúla Ballstáit óstaigh maidir le haon chás inar chinn údaráis inniúla an Bhallstáit baile nár chomhlíon gnólacht infheistíochta na ceanglais cistí dílse is infheidhme dá dtagraítear i mír 1. Míneofar san fhaisnéis a chuirfear ar fáil an staid agus na bearta maoirseachta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh.

4. I gcás ina mbeidh gnólacht infheistíochta díolmhaithe ó chur i bhfeidhm Chuid a Dó de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin, soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo ar an leibhéal comhdhlúite.

5. I gcás inar ceadaíodh do ghnólacht infheistíochta Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/2033 a chur i bhfeidhm, cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ar an eolas faoi cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an gnólacht infheistíochta na ceanglais cistí dílse a leagtar síos in Airteagal 8(3) agus (4) den Rialachán sin.

Airteagal 4

Faisnéis maidir le ceanglais riosca comhchruinnithe agus ceanglais leachtachta a chomhlíonadh

1. Cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ar an eolas faoi cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann gnólacht infheistíochta na ceanglais riosca comhchruinnithe a leagtar síos i gCuid a Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033.

2. Soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile faisnéis d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh maidir le haon chás inar chinn údaráis inniúla an Bhallstáit baile nár chomhlíon gnólacht infheistíochta na ceanglais riosca comhchruinnithe is infheidhme, mar a leagtar síos i gCuid a Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033. Míneofar san fhaisnéis a chuirfear ar fáil an staid agus na bearta maoirseachta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh.

3. Cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ar an eolas faoi cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann gnólacht infheistíochta na ceanglais leachtachta a leagtar síos i gCuid a Cúig de Rialachán (AE) 2019/2033, agus na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 57(1) den Rialachán sin á gcur san áireamh, chomh maith le cur i bhfeidhm aon díolúine i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 43(1) den Rialachán sin.

4. Soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile faisnéis d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh maidir le haon chás inar chinn údaráis inniúla an Bhallstáit baile nár chomhlíon gnólacht infheistíochta na ceanglais leachtachta is infheidhme, mar a leagtar síos i gCuid a Cúig de Rialachán (AE) 2019/2033. Míneofar san fhaisnéis a chuirfear ar fáil an staid agus na bearta maoirseachta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh.

5. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile a measúnú foriomlán ar phróifíl riosca leachtachta agus bainistiú riosca gnólachta infheistíochta a sholáthar d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh, agus na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 á gcur san áireamh, chomh maith le cur i bhfeidhm aon díolúine i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 43(1) den Rialachán sin.

6. I gcás ina mbeidh gnólacht infheistíochta díolmhaithe ag na húdaráis inniúla ó chur i bhfeidhm Chuid a Cúig de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Rialachán sin, soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar an leibhéal comhdhlúite.

Airteagal 5

Faisnéis maidir le nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta

1. Soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile faisnéis d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh maidir le haon chás inar chinn údaráis inniúla an Bhallstáit baile nár chomhlíon gnólacht infheistíochta na caighdeáin agus na nósanna imeachta cuntasaíochta is infheidhme a bhfuil an gnólacht infheistíochta faoina réir i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Míneofar san fhaisnéis a chuirfear ar fáil an staid agus na bearta maoirseachta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh.

2. I gcás nach mbaineann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ach le brainse ar leith, ní sholáthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis ach d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ina bhfuil an brainse sin lonnaithe.

Airteagal 6

Faisnéis maidir le sásraí rialaithe inmheánaigh

1. Soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile faisnéis d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh maidir le haon chás inar chinn údaráis inniúla na mBallstát baile nár chomhlíon gnólacht infheistíochta na ceanglais a bhaineann le sásraí rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear bainistiú riosca, rialú riosca agus socruithe inmheánacha iniúchóireachta de bhun Rialachán (AE) 2019/2033 agus Threoir (AE) 2019/2034. Míneofar san fhaisnéis a chuirfear ar fáil an staid agus na bearta maoirseachta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh.

2. I gcás nach mbaineann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ach le brainse ar leith, ní sholáthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis ach d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ina bhfuil an brainse sin lonnaithe.

Airteagal 7

Faisnéis maidir le haon tosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an riosca a bhaineann leis an ngnólacht infheistíochta

1. Sa bhreis ar an bhfaisnéis agus na torthaí dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/2034, soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile faisnéis d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh maidir le haon riosca ábhartha agus a measúnú maoirseachta a léirítear san athbhreithniú maoirseachta agus sa mheastóireacht arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir (AE) 2019/2034, nó trí aon ghníomhaíocht mhaoirseachta eile arna déanamh ag údaráis inniúla an Bhallstáit baile.

2. I gcás nach mbaineann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ach le brainse ar leith, ní sholáthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis ach d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ina bhfuil an brainse sin lonnaithe.

Airteagal 8

Faisnéis maidir le neamhchomhlíonadh ginearálta

1. I gcás nach bhfuil feidhm ag Airteagal 3 go hAirteagal 7 den Rialachán seo ná ag na forálacha ábhartha maidir le malartú faisnéise de Threoir 2014/65/AE nó de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/586, soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile faisnéis d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh maidir le haon chás inar chinn siad nár chomhlíon gnólacht infheistíochta aon cheann de na ceanglais seo a leanas, i gcás ina bhféadfadh neamhchomhlíonadh den sórt sin difear a dhéanamh do chosaint cliant nó do chobhsaíocht an chórais airgeadais sa Bhallstát óstach:

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

(a) ceanglais a bhaineann leis an maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), Rialachán (AE) 2019/2033 agus Treoir (AE) 2019/2034;

(b) ceanglais ar bhonn dlí náisiúnta ábhartha eile.

2. Míneofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 an neamhchomhlíonadh agus na bearta maoirseachta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh.

3. I gcás nach mbaineann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ach le brainse ar leith, ní sholáthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis ach d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ina bhfuil an brainse sin lonnaithe.

Airteagal 9

Bearta maoirseachta agus smachtbhannaí a chur in iúl

1. Cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ar an eolas faoi aon smachtbhanna riaracháin nó bearta riaracháin, nó bearta maoirseachta arna bhforchur ar ghnólacht infheistíochta a bhaineann le sáruithe ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2033 nó i dTreoir (AE) 2019/2034 agus a dhéanann difear d'oibríochtaí a bhrainse.

2. I gcás nach mbaineann an fhaisnéis a shonraítear i mír 1 ach le brainse ar leith, ní sholáthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis ach d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ina bhfuil an brainse sin lonnaithe.

Airteagal 10

Faisnéis maidir leis na socruithe chun ullmhú do chásanna éigeandála

Malartóidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh faisnéis maidir leis na socruithe chun ullmhú do chásanna éigeandála. Go háirithe, coinneoidh siad a chéile ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

(a) sonraí teagmhála na ndaoine laistigh de na húdaráis inniúla atá freagrach as cásanna éigeandála a láimhseáil;

(b) na nósanna imeachta cumarsáide a mbeidh feidhm acu i gcásanna éigeandála.

Airteagal 11

Faisnéis ó údaráis an Bhallstáit óstaigh

Cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil d'údaráis inniúla an Bhallstáit baile:

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([8]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([9]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus comhlachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

(a) tuairisc ar aon chás ar chinn údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ina leith nár chomhlíon brainse aon cheanglas a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Threoir 2013/36/AE, Threoir 2014/59/AE, Rialachán (AE) 2019/2033 agus Threoir (AE) 2019/2034, mar aon le faisnéis maidir leis na bearta maoirseachta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh;

(b) aon fhaisnéis agus aon toradh maidir le haon fhadhb nó aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an mbrainse nó lena ghníomhaíochtaí sa Bhallstát óstach, ar fadhbanna agus rioscaí iad a bhfuil tionchar suntasach acu ar chosaint cliant nó ar chobhsaíocht an chórais airgeadais sa Bhallstát óstach mar atá sainaitheanta ag údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh.

Airteagal 12

Faisnéis maidir le soláthraithe seirbhísí trasteorann

Ar iarraidh ar fhaisnéis a fháil ó údaráis inniúla Ballstáit óstaigh i ndáil le gnólacht infheistíochta a dhéanann a ghníomhaíochtaí faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar sa Bhallstát óstach sin, soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 3(1), Airteagal 3(3), Airteagal 4(1), (2) agus (3), Airteagal 5(1), Airteagal 6(1) agus Airteagal 8 dóibh.

Airteagal 13

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN